

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2020

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC (85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Tá sé an-tábhachtach go bhfoghlaímíonn páistí Stair sa bhunscoil agus sa mheánscoil.
- (b) Níl na meáin shóisialta go maith do dhaoine.
- (c) An bhfuil sé tábhachtach craoltóir náisiúnta a bheith againn, cosúil le RTÉ?
- (d) Tá spórt tar éis eirí ródháiríre.
- (e) Is é an cultúr Gaelach atá againn an rud atá difriúil faoin tír seo.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I like every type of music but my favourite type of music is classical music. I have a lot of Compact Discs collected over the years and I put them on very often when I come home from school. Now and again, when I am driving I listen to *RTÉ Lyric FM*, especially when I am on a long journey. Myself and my husband go to Dublin once or twice a year. We like to stay in a hotel and when we are there we like to go to the National Concert Hall. I play the violin myself. I started it when I was six years of age, believe it or not. I did not enjoy it at first but I had to practise every night before I went to bed. It wasn't long until I was very good. When I was a teenager I was a member of a traditional group. We used to love to go to Fleadh Cheoil na hÉireann. It was a great way for meeting people. That is how I met my husband.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. John! Clean your shoes and keep a hold on the door.
2. I was born and reared in Wales but I now live in Ireland.
3. I leave the house at a quarter to eight every morning.
4. At the weekend I have a chance to rest.
5. I would like to book a table for two.
6. Deirdre likes to go hillwalking during the summer.
7. We rented a car and we visited all the sights.
8. There is a supermarket, a butcher, a pharmacist and a fruit and vegetable shop in that shopping centre.
9. The sun was splitting the rocks when I was on holidays at the beginning of August.
10. There was a white sheet of snow on the ground and I was freezing.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Ar chuala tú go bhfuil veain champála (ceannaigh) agam, a Chormaic” arsa Séamus. “Veain champála!” arsa Cormac. “Is ea,” arsa Séamus. “Cheannaigh mé é i Sasana i rith laethanta saoire na Cásca. Agus bhí mé féin agus Úna sa Fhrainc ar feadh (coicís) i Mí Iúil agus (tiomáin) mé ó Cherbourg go deisceart na Fraince agus ar ais!” “Cé mhéid a (íoc) tú air?” arsa Cormac. “Bhí sé daor go leor ach má úsáidim é go rialta (sábháil) mé an-chuid airgid.” “Dá mbeinnse ar saoire thar lear,” arsa Cormac, “b’fherr liom (fan) in óstán deas compordach.” “Anois, a Chormaic! Tá an veain champála seo i bhfad níos (compordach) ná mar a cheapann tú, agus maidir le hÚna, is aoibhinn (le: í) é.” “Agus cá (fág) tú é an geimhreadh seo chugainn?” arsa Cormac. “Beidh mé in ann é a pháirceáil ar thaobh (an tsráid) os comhair an tí.”

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ná (abair) liom go ndearna tú dearmad ar do leabhar arís!
2. (Taispeáin) mé duit amárach conas arán a dhéanamh.
3. Chaith sé an samhradh ag dul timpeall (an tír) ar a rothar.
4. Ní raibh Niamh in ann a rothar a (deisigh).
5. An é seo an samhradh is (te) a bhí againn le deich mbliana?
6. Cheap Aisling go raibh na paistí eile ag magadh (faoi: í).
7. Má bhíonn ocras orm ag an gcluiche amárach (ith: mé) na ceapairí atá déanta agat dom.
8. Táimid deich mbliana inár (cónaí) sa teach seo anois.
9. Chaith mé deireadh seachtaine deas i gCiarraí i rith (an samhradh).
10. Dá (tosaigh) sé ag cur sneachta i Mí Lúnasa, bheadh ionadh orm.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Séamus Mallon

Cailleadh Séamus Mallon ar 24 Eanáir, 2020, an polaiteoir, an fear síochána, Iar-Leascheannaire Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre, agus Iar-Leas-Phríomhaire Thuaisceart na hÉireann.

Rugadh é sa sráidbhaile Protastúnach, Cnoc an Mhargaidh i gContae Ard Mhacha ar 17 Lúnasa, 1936. Chuaigh sé ar scoil chuig na Bráithre Críostaí san Iúr agus ina dhiaidh sin chuig Scoil Naomh Pádraig, Ard Mhacha. Roghnaigh sé an tslí bheatha chéanna agus a bhí ag a athair, an bhunmhúinteoireacht agus ceapadh é mar Ardmháistir ar Bhunscoil Naomh Séamus, Cnoc an Mhargaidh.

I dtús na seascaidí bhí baint aige leis an ngluaiseacht cearta sibhialta ina chontae dúchais agus nuair a ceapadh John Hume mar cheannaire ar Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre sa bhliain 1979, ceapadh Séamus Mallon mar Leascheannaire. Ó Mhí na Bealtaine go Mí na Nollag, 1982 cheap an Taoiseach, Cathal Ó hEochaidh, é mar bhall de Sheanad Éireann. I 1986 toghadh é mar Fheisire don Iúr agus d'Ard Mhacha chuig Teach Parlaiminte Westminster. Bhí sé lárnach sa phróiseas síochána agus sna cainteanna roimh Chomhaontú Aoine an Chéasta. Fear mór síochána a bhí ann agus ní raibh scáth ná eagla air riamh labhairt amach i gcoinne fhir an fhoréigin.

Fear mór peile a bhí ann chomh maith a rinne gaisce ar pháirc na himeartha. An chéad chlub Chumann Lúthchleas Gael ar imir sé leis ná Coillidh Chanannáin. Ina dhiaidh sin, d'imir sé leis an gCéide agus le Raonaithe Chrois Mhic Lionnáin. Bhí sé ar fhoireann mhionúr Choillidh Chanannáin a bhuaigh Craobh an Chontae sa bhliain 1957 agus níos deireanaí sa bhliain chéanna bhí sé ar fhoireann Ard Mhacha a bhuaigh Craobh Uladh sa ghrád céanna. Bhí sé ar fhoireann Ollscoil na Banríona a bhuaigh Corn Mhic Shigiúir sa bhliain 1959.

Ba é Eamon Martin, Ardeaspag Ard Mhacha a bhí mar phríomhcheiliúraí ag aifreann a shochraide ar an Mullach Breac, Contae Ard Mhacha. I láthair ag an Aifreann, bhí an Taoiseach, Leo Varadkar agus an Tánaiste Simon Coveney. I measc na dtabhartas a tugadh chun na haltóra, bhí cóip den chéad óráid a thug sé i Westminster, pictiúr de féin agus den Phápa Eoin Pól II, liathróidí gailf agus spól iascaigh.

1. Céard é an post polaitíochta is sinsearaí a bhí ag Séamus Mallon i dTuaisceart na hÉireann?
2. Cén ghairm bheatha a roghnaigh Séamus Mallon roimh an bpolaitíocht?
3. Cén fhianaise atá san alt gur sheas Séamus Mallon suas do ghnáthdhaoine?
4. Cén gaisce spóirt a rinne Séamus Mallon ag an tríú leibhéal?
5. Cén cruthú atá san alt go raibh meas ag muintir Shéamuis ar an am a chaith sé mar Fheisire i Westminster?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Noel Purcell

Rugadh Noel Purcell, dhá lá roimh Lá Nollag ar 23 Mí na Nollag sa bhliain 1900. Ba mhac é leis an gceantálaí Pierce Purcell agus leis an dara bean chéile a bhí ag Pierce, Catherine Hoban. Baisteadh Noel sé lá i ndiaidh a bhreithe i Séipéal Naomh Caoimhín, Sráid Harrington. Chuaigh sé ar scoil chuig na Bráithre Críostaí i Sráid Synge.

Mangaire troscáin ab ea a sheanmháthair, Julia Hoban. Agus é ina bhuachaill, chaill Noel barr méire nuair a bhí meaisín díola toitíní á dheisiú aige. Chuaigh sé le siúinéireacht ar dtús agus le linn dó a bheith ag traenáil le bheith ina shiúinéir chaill sé cuid de mhéar eile.

Nuair a chuir sé tús lena shlí bheatha ar an stáitse agus gan é ach dhá bhliain d'aois, ní raibh a fhios aige go raibh sé chun clú agus cáil a bhaint amach dó féin ar stáitse na hamharclainne, ar an scáileán mór agus ar an teilifís, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain mhóir chomh maith. Réaltóg scannán idirnáisiúnta a bhí ann. Bhí sé in iliomad scannán agus tá cuimhne ag daoine ar an teacht i láthair ar leith a léirigh sé sna scannáin, *Captain Boycott*, *Moby Dick* agus *Mutiny on the Bounty*.

Thuill sé ardmheas agus gnaoi mhuintir Bhaile Átha Cliath leis an mbród a bhí aige as a chathair dhúchais, le tuin Bhaile Átha ar labhair sé léi go minic ar an stáitse, ar an scáileán agus i measc a mhuintire, lena leagan den amhrán *Dublin Can Be Heaven* atá ar fáil ar *YouTube* agus lena leagan labhartha álainn de *Dublin in the Rare Auld Times* atá ar fáil freisin ar *YouTube*. Is do laochra móra na hardchathrach a thugtar an onóir Saoirse na Cathrach a bhronnadh orthu mar a bronnadh ar Noel agus go n-ainmnítear sráid ina ndiaidh mar tharla i gcás Noel le “Noel Purcell Walk”, gar don áit inar rugadh é i mBaile Átha Cliath 2. Is do laochra móra na tíre amháin a thugtar an onóir a bheith comórtha ar stampa, mar a tharla arís i gcás Noel – an fear mór, an fathach ar gach aon bhealach, an cloigeann mór, an fhéasóg fhada liath, an aghaidh chineálta.

D'éag Noel Purcell ar 3 Márta, 1985 agus é ceithre bliana agus ceithre scór bliain d'aois. Tá sé curtha i Reilig Ghráinseach an Déin, Contae Átha Cliath.

1. Cén tslí bheatha a bhí ag máthair Catherine Hoban?
2. Cén fhianaise atá san alt go bhféadfadh timpistí a bheith ag Noel Purcell?
3. Cén tslí bheatha a roghnaigh Noel ag tús a shaoil?
4. Cén áit inar féidir teacht ar thaifeadadh de Noel Purcell ag canadh, dar leis an alt?
5. Cén cur síos fisiceach a thabharfá ar Noel Purcell tar éis duit an t-alt a léamh?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Céard iad na feidhmeanna teanga atá á gcomhlíonadh ag na heiseamláirí seo a leanas:
- (i) “Ní maith liom cabáiste.”
 - (ii) “Beir ar an liathróid!”
 - (iii) “Is féidir liom rothaíocht.”
 - (iv) “Cén t-am a tháinig Daidí na Nollag?”
- (b) Scríobh biachlár a bheadh oiriúnach do rólímirt i mbialann sna meánranganna nó sna ranganna sinsearacha. Scríobh comhrá samplach (10 líne) idir freastalaí agus custaiméir.
- (c) Céard is brí leis an ráiteas, “Sa Tréimhse Réamhchumarsáide déanann an múinteoir ionchur teanga.”? Cén tábhacht a bhaineann leis an ionchur teanga sin i gcomhthéacs na coda eile den cheacht? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (15 mharc)
9. (a) Cathain a bhíonn an cluiche teanga, “Leadóghocal” úsáideach? Léirigh a bhfuil le rá agat le sampla amháin. Conas a imrítear an cluiche?
- (b) Míniú an tábhacht a bhaineann le gníomhamhráin agus le gníomhrannta sna ranganna sóisearacha. Cén modh múinte a úsáideann an múinteoir nuair a bhíonn gníomhamhráin agus gníomhrannta á múineadh agus céard go díreach a dhéanann an múinteoir agus na páistí i rith an cheachta? Tabhair samplaí de ghníomhamhráin agus de ghníomhrannta atá ar eolas agat.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir tuismitheoir agus páiste, faoin teideal, “Ag Lorg Airgid don Turas Scoile”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (15 mharc)
10. (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Céard atá sa Mhála?” Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na paistí i rith an chluiche?
- (b) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofa na focail/frásaí seo a leanas: “ar crochadh”, “ag caitheamh liathróidí sneachta”, “tuáille”.
- (c) Scríobh scéal dar teideal, “An Caisleán Gainimh” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: an aimsir, an áit a raibh tú, na rudaí éagsúla a bhí á ndéanamh agat, conas a rinne tú an caisleán gainimh, céard leis, na rudaí a chuir tú ar an gcaisleán gainimh, céard a tharla don chaisleán gainimh ag an deireadh.

(15 mharc)